2026/1116

27.5.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1116 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Bealtaine 2026

lena liostaítear na táirgí, na comhpháirteanna agus na sruthanna dramhaíola a measfar a bhfuil ionchasacht ábhartha aisghabhála amhábhar criticiúil ag baint leo faoi Rialachán (AE) 2024/1252

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 ([1]), agus go háirithe Airteagal 26(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2024/1252, ceanglaítear ar na Ballstáit cláir náisiúnta a ghlacadh ina bhfuil bearta atá ceaptha chun ciorclaíocht amhábhar criticiúil a mhéadú.

(2) De bhun Airteagal 26(7) de Rialachán (AE) 2024/1252, liostóidh an Coimisiún na táirgí, na comhpháirteanna agus na sruthanna dramhaíola a measfar go bhfuil ionchasacht ábhartha go n-aisghabhfar amhábhair chriticiúla ag baint leo. Ba cheart an liosta sin a bheith ina thagairt do raon feidhme na mbeart náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2024/1252. Níor cheart don liosta cosc a chur ar na Ballstáit táirgí, comhpháirteanna agus sruthanna dramhaíola breise a mheas le haghaidh aisghabháil amhábhar criticiúil i gcomhthéacs a gcleachtas ciorclaíochta náisiúnta.

(3) Sa liosta dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, tá an liosta de tháirgí, de chomhpháirteanna agus de shruthanna dramhaíola a mheasann an Coimisiún go bhfuil ionchasacht ábhartha aisghabhála amhábhar criticiúil ag baint leo, agus na critéir dá dtagraítear in Airteagal 26(7), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2024/1252 á gcur san áireamh.

(4) Léirítear sa liosta staid reatha na forbartha teicneolaíche agus na ndálaí margaidh is ábhartha le haghaidh aisghabháil amhábhar criticiúil. I bhfianaise forbairtí teicneolaíocha agus rialála a bheidh ann amach anseo, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, an gníomh cur chun feidhme seo a thabhairt cothrom le dáta.

(5) Ní áirítear dramhaíl eastóscach sa liosta sin, ós rud é go gcumhdaítear cheana féin le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2024/1252 bearta atá ceaptha chun aisghabháil amhábhar criticiúil ó dhramhaíl eastóscach a chur chun cinn.

(6) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir le Cur Chun Feidhme an Ghnímh um Amhábhair Chriticiúla arna bhunú le hAirteagal 39(1) de Rialachán (AE) 2024/1252

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Meastar go bhfuil ionchasacht ábhartha aisghabhála amhábhar criticiúil ag baint leis na táirgí, na comhpháirteanna agus na sruthanna dramhaíola a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo de réir bhrí Airteagal 26(1), pointí (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2024/1252.

([1]) IO L, 2024/1252, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

An liosta de tháirgí, de chomhpháirteanna agus de shruthanna dramhaíola a meastar go bhfuil ionchasacht ábhartha aisghabhála amhábhar criticiúil ag baint leo:

1. Ceallraí, ina bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas, go háirithe:
   - Ábhair ghníomhacha chatóide*
   - Ábhair ghníomhacha anóide*
   - Tiomsaitheoirí srutha catóide*
   - Tiomsaitheoirí srutha anóide*
   - Córais bainistithe ceallra
   - Cáblaí inmheánacha
2. Trealamh leictreach agus leictreonach, ina bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas, go háirithe:
   - Buanmhaighnéid
   - Tiomántáin diosca crua
   - Comhbhrúiteoirí
   - Taispeántí leictreonacha (feadán ga-chatóideach, criostal leachtach, scannán tanaí, plasma)
   - Cláir ciorcad priontáilte
   - Cáblaí
   - Cealla fótavoltacha
   - Frámaí fótavoltacha
   - An codán atá fágtha tar éis díchóimeáil shonrach sa réamhchóireáil ([1])
3. Tuirbíní gaoithe agus bonneagar gaolmhar, ina bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas, go háirithe:
   - Buanmhaighnéid
   - Gineadóirí
   - Claochladáin
   - Tiontairí agus inbhéartóirí
   - Cáblaí.
4. Mótarfheithiclí ([2]) ina bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas, go háirithe:
   - Mótair tarraingthe buanmhaighnéid
   - Mótair tarraingthe ionduchtaithe
   - Mótair leictreacha neamhtharraingthe

([1]) *Is féidir na comhpháirteanna sin a fháil freisin mar phríomh-chomhábhair i gcodán measctha tar éis cóireáil deireadh ré shonrach, e.g. mais dhubh.
Cé nach comhpháirt é, is iondúil go mbíonn méideanna móra amhábhar criticiúil sa chodán de dhramhthrealamh leictreach agus leictreonach atá fós ann tar éis díchóimeáil shonrach sa réamhchóireáil agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé gur fiú díriú air i gcláir chiorclaíochta náisiúnta.

([2]) Mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí, agus ar chórais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj).

— Comhpháirteanna leictreacha agus leictreonacha atá faoi réir athúsáide, athchúrsála nó aon chineál eile aisghabhála faoi ghníomhartha ábhartha de chuid an Aontais ina leagan bailí

— Tiontairí agus aireagóirí

— Príomhsheolta sreang

— Cealla breosla

— Tiontairí catalaíocha;

— Comhpháirteanna agus/nó páirteanna alúmanaim shaoirsithe

— Comhpháirteanna agus/nó páirteanna alúmanaim theilgthe

— Comhpháirteanna agus/nó páirteanna maignéisiam.

5. Modhanna éadroma iompair.
6. Bonneagar fuinnimh ([3]) agus bonneagar teileachumarsáide ([4]).
7. Caidéil thionsclaíocha.
8. Catalaígh thionsclaíocha.
9. Díleáiteán agus múirín ó bhithdhramhaíl a bhailítear ar leithligh.
10. Slodaí agus luaith, go háirithe:

— Sloda séarachais ó chóireáil fuíolluisce uirbigh ([5])

— Bunluaith agus luaith cháithníneach a thagann ó mhonaloscadh slodaí ó chóireáil fuíolluisce uirbigh

— Bunluaith ó loscadh dramhaíola soladaí cathrach

— Bunluaith ó loscadh dramhaíola tráchtála nó tionsclaíche

11. Dramhaíl tógála agus scartála, ag díriú go háirithe ar alúmanam, ar chóimhiotail alúmanaim, ar chopar, ar chóimhiotail chopair agus ar chláblaí i bhfoirgnimh.

([3]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/869/oj).

([4]) Eilimintí dá dtagraítear sa sainmhíniú ar 'bhonneagar fisiceach' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Threoir 2014/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a imscaradh (IO L 155, 23.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/61/oj) agus in Airteagal 2, pointe (4) de Rialachán (AE) 2024/1309 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le bearta chun an costas a laghdú a bhaineann le líonraí cumarsáide leictreonaí gigighiotáin a imscaradh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/2120 agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/61/AE (an Gníomh um Bonneagar Gigighiotáin) (IO L, 2024/1309, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1309/oj)
Córais dá dtagraítear sa sainmhíniú ar 'líonra cumarsáide leictreonaí' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1) de Threoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (IO L 321, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/1972/oj).

([5]) Mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1) de Threoir (AE) 2024/3019 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 2024/3019, 12.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/3019/oj).